

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2011

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

Ardleibhéal

Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
- Níl an cur síos, na modhanna ná na sainmhínte sa scéim uileghabhálach agus tá freagraí bailí malartacha inghlactha.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh marcanna bheith difriúil ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

Treoracha d'Iarrthóirí

Roinn A Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **deich** gceist ar bith a fhreagairt.
Tá **6** mharc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar.

Roinn B Tá **cúig** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **Ceist 1 agus dhá cheist** ar bith eile a fhreagairt.
Tá **80** marc ag gabháil le **Ceist 1**.
Tá **50** marc an ceann ag gabháil leis na **Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5**.
Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil.

Roinn C Tá **trí** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **ceist amháin** ar ábhar roghnach a fhreagairt,
ar a n-áirítear **cuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b)** nó **cuid (c)**.
Iarrthóirí a chuir isteach obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh le haghaidh a scrúdaithe, is í Ceist 2 amháin as an roinn seo a gceadaítear dóibh tabhairt fúithi.
Tá **80** marc an ceann ag gabháil leis na hábhair roghnacha **1** agus **3**.
Tá **40** marc ag gabháil le hábhar roghnach **2**.
Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil.

Roinn A

Freagair **deich** gceist ar bith as an roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

1. Comhlánaigh an tábla seo a leanas maidir le carbaihiodráití. (6)

Aicmiú	Sampla	Foinse Bia
Monaisiúicrídí	glúcós fruchtós galachtós	torthaí: torthaí, mil bainne díleáite
Déshiúicrídí	siúcros lachtós maltós	siúcra boird bainne eorna
Polaisiúicrídí	stáirse ceallalós peictin, glicigin	prátaí torthaí agus glasraí torthaí:

2. Liostaigh **trí** airí de Vitimín A (Reiteanól). (6)

- (i) intuaslagtha i saill, dothuaslagtha in uisce, intuaslagtha i dtuaslagóirí orgánacha
- (ii) teaschobhsaí, scriosann ardteochtaí fadtréimhseacha iad
- (iii) scriosann ocsaigin iad

3. Luaigh **trí** iarmhairt d'easpa cailciam sa chorp. (6)

- (i) raicíteas
- (ii) oistéapóróis
- (iii) oistéamalaice, oistéipéine, lobhadh fiacla, drochthéachtadh fola, mírialtacht i gcrapadh na matán, drochfheidhmiú i néarchealla

4. Ainmnigh an príomhchineál próitéine atá le fáil i **ngach** ceann de na bianna atá liostaithe thíos. (6)

Bia	Cineál Próitéine
Iasc	mióisín, collaigin, aictín
Uibheacha	albaimín, glóbailín, vitilín, livitín
Cruithneacht	glútan, gliaidín, glútainín

5. Maidir le glasraí a reo, mínigh conas a tharlódh go gcaillfí vitimín B₁ agus vitimín C. (6)

Cailltear vitimíní mar thoradh ar **bhánú**, tá na vitimíní seo intuaslachta in uisce, cailltear ag teochtaí arda iad; mura reoítear bia go tapa (**reo mall**), beidh criostail oighir mór agus caillfear vitimíní nuair a dhíreoítear an bia; caillfear méid áirithe vitimín B₁ agus C nuair a **leáitear** glasraí mura gcócaráiltear iad ó bheith reoite.

6. Comhlánaigh an tábla seo a leanas maidir le breiseáin bhia. (6)

	Sampla	Feidhm	Sampla d'úsáid
Frithocsaídeoirí	Vitimíní A, C, E BHA BHT	cuireann sé cosc ar bhréine ocsaídiúcháin cuireann sé cosc ar ocsaídiú	saillte, olaí cócarála, criospaí, brioscaí, ciúbanna stoic, leathán cáise

7. Ainmnigh modh **amháin** a úsáidtear chun feoil a mhaothú **agus** mínigh an prionsabal atá i gceist. (6)

Crochadh – tugtar sos d'ainmhithe sula maraítear iad chun go bhfoirmeoidh glicigin ina matáin. Tar éis iad a mharú, éiríonn a matáin teann de bharr rigor mortis, agus bíonn an fheoil righin. Nuair a bhíonn siad ag crochadh athraíonn an glicigin ina aigéad luchtach, a chuidíonn leis an bhfeoil maothú. Bíonn einsímí próitéalaíocha san fheoil le cuidiú le snáithíní a bhriseadh síos.

Briseadh síos meicniúil – má bhuailtear an fheoil le casúr feola nó ma chuirtear poill ann le sceana cuidíonn sé leis an bhfeoil a mhaothú trí na snáithíní feola a bhriseadh síos.

Cuidíonn miontóireacht ar ghearrthacha níos righne feola na snáithíní feola a bhriseadh síos.

Maothóirí – croitear ar an bhfeoil iad roimh chócaireacht, tá einsímí próitéalaíocha iontu a bhriseann síos na snáithíní feola agus bíonn siad níos éasca le díleá e.g. paipin, brómailin.

Maranáidiú – má fhágtar feoil i meascán maranáidithe nó í a chlúdach leis sula gcócaráiltear í e.g. ola, fíon, sú líomóide/fínéagar agus blaistithe, cuidíonn sé leis an bhfeoil a mhaothú.

Maothaíonn bealaí malla fliucha cócaireachta na snáithíní feola – e.g. stobhadh, galstobhadh.

8. Ainmnigh **trí** bhaictéar choitianta a bhíonn ina gcúis le nimhiú bia. (6)

- (i) clóistridiam botalanaim, clóistridiam welchi
- (ii) stafalacocas aureus
- (iii) salmonella, listéire, e. coli etc.

9. Ainmnigh **trí** chomhpháirt den *Phróiseas Bainistíochta*. (6)
- (i) **ionchur**
 - (ii) **tréachur**
 - (iii) **aschur**

Tabhair sampla den uair is féidir an *Phróiseas Bainistíochta* a úsáid.

Pleanáil béile; bainistiú airgid; réiteach fadhbanna; bainistiú tí; cinnteoireacht etc.

10. Cén rud é Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (FIS i mBéarla)? (6)

Íocaíocht sheachtainiúil do theaghlaigh (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair) áit a bhfuil an saothraí i bhfostaíocht ar ioncam íseal.

Is ionann íocaíocht F.I.S. agus 60% den difríocht idir glanioncam an teaghlaigh agus an teorainn ioncaim a bhaineann leis an teaghlach.

Luaigh **dhá** choinníoll is gá a chomhlíonadh le bheith i dteideal FIS a fháil.

- (i) **bheith i bhfostaíocht lánaimseartha (+19 uair sa tseachtain)**
- (ii) **leanbh cleithiúnach amháin ar a laghad a bheith sa teaghlach; bheith ar ioncam faoi mhéid seasta do mhéid an teaghlaigh.**

11. Tabhair breac-chuntas ar **thrí** choinníoll is gá a shásamh de ghnáth le cáiliú le haghaidh morgáiste. (6)

- (i) **méid ar iasacht, éarlais 10% ag teastáil, téarma na hiasachta**
- (ii) **cruthúnas ioncaim, ioncam seasta, stair mhaith chreidmheasa**
- (iii) **polasaí cosanta morgáiste, banna slánaíochta morgáiste, réadmhaoin i ndea-bhail etc.**


12. Cén t-eolas a chuireann **gach** ceann de na siombailí seo a leanas in iúl don tomhaltóir? (6)

(i)



Cloíonn earraí le caighdeáin sábháilteachta na hEorpa.

(ii)



Tá insliú dúbailte ag an bhfearas.


Roinn B

Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile as an roinn seo.

Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na Ceistanna 2, 3, 4 agus 5.

1. Tá ról lárnach ag an gComhairle Náisiúnta Déiríochta (NDC) i gcur chun cinn tionscal déiríochta inmharthana in Éirinn agus in oiliúint a chur ar na tomhaltóirí maidir leis an ról atá ag an déiríocht sa chineál saoil a chaitheann siad.

Tugann an chairt thíos eolas maidir leis an margadh miondíola déiríochta in Éirinn in 2009 (gan díolacháin neamhspleácha/ó dhoras go doras a chur san áireamh).



(Déirí: 'Food for Life' Plean Bliantúil Athbhreithnithe 2009 & 2010. CND)

- (a) Bain úsáid as an eolas a thugtar sa chairt agus déan trácht agus mionphlé ar iontógáil bainne agus táirgí déiríochta ag tomhaltóirí in Éirinn.

(20)

*4 pointe @ 5 mharc an pointe / tagairt amháin do gach táirge
Tabhair 2 mharc as anailís shimplí ar an gcairt
3 mharc as breiseolas e.g. nóta ar úsáid tomhaltóra*

Bainne – An bia próitéine HBV is airde ag 39%, bia lán le cothaithigh; úsáidtear é as féin agus sa chócaireacht; ar fáil go forleathan; ar fáil mar bhainne UHT, comhdhlúite, galaithe agus i bpúdar; tá go leor cineálacha ar fáil e.g. bainne le blasanna áirithe; treisithe; tig leo siúd atá airdeallach faoina sláinte bainne beagmhéathrais agus bearrtha a roghnú etc.

Iógart – an dara húsáid is mó – is féidir é a úsáid do dheochanna, anraithí, anlanna, blastáin, miasa blasta, milseoga; is féidir é a úsáid in áit uachtair; mar bharrán ar ghránaigh agus torthaí; sneaic bhlasta, áisiúil; lán le cothaithigh – ard i bpróitéin HBV agus i gcaiciam; éasca le díleá, ar fáil go héasca, i réimse leathan blasanna; íseal i saill nó le saill laghdaithe dóibh siúd ar aistí bia speisialta; tá tóir ar bhithiógart mar go léiríonn staidéir go gcuidíonn siad leis an gcóras díleá etc.

Cáis – an dara húsáid is ísle, bia le próitéin HBV; ard i gcaiciam agus próitéin; áisiúil – ní theastaíonn mórán ullmhúcháin agus ní theastaíonn cócaireacht ar bith; ilúsáideach; sneaic chothaitheach lán le fuinneamh; luach ar airgead; réimse leathan ar fáil – cáis tí, cáis phróiseáilte, cáis bheagmhéathrais, veigeatóra, feirme etc.

Uachtar agus Saill – an grúpa úsáide is ísle – áirítear ann im, uachtar reoite, uachtar – ard i saill sháithithe; tá go leor siúcra in uachtar reoite; go leor cineálacha ime, uachtar reoite agus uachtair ar fáil etc.

(b) Tabhair cuntas ar phróitéin agus déan tagairt dóibh seo a leanas:

- struchtúr aimínaigéid (4 phointe @ 2 mharc an pointe) (8)

Struchtúr – adamh carbóin sa lár le 4 nasc: H = adamh hidrigine, NH₂ = aimínghrúpa, COOH = carboisailghrúpa, R = athraíonn sé ag brath ar aimínaigéad.

- conas a dhéantar nasc peiptídeach (4 phointe @ 2 mharc an pointe) (8)

Foirmiú nasc peiptídeach = foirmíonn sé nuair a cheanglaíonn dhá aimínaigéad le chéile. Imoibríonn an grúpa NH₂ (alcaileach) de cheann de na haimínaigéid leis an ngrúpa COOH (aigéadach) d'aimínaigéad eile. Cailleann an grúpa NH₂ adamh hidrigine. Cailleann an grúpa COOH grúpa OH. Dá bharr seo cailítear móilín uisce (H₂O) agus tugtar imoibriú comhdhlúthaithe air seo.

- airíonna (4 phointe @ 3 mharc an pointe) (12)

Airíonna:

- **Dínádúrúchán** – nochtadh an tslabhra próitéine a bhfuil athrú dochúlaithe sa chruth mar thoradh air. Is iad seo a leanas na cúiseanna atá leis
Teas – athraíonn collaigin tais teasa ina geilitín ag maothú feola, crapann feoil agus éiríonn sí righin de bharr teas tirim.
Aigéid – pH níos ísle e.g. baictéir a ghéaraíonn bainne i ndéanamh cáise, finéagar i maranáidí chun feoil a mhaothú.
Einsímí – déanann reinin sa bholg bainne a théachtadh
Gníomh meicniúil – gealacáin uibheacha a ghreadadh
Salann – déanann sé cáis níos crua
- **Intuaslagthacht** – dothuaslagtha in uisce seachas gealacán uibhe in uisce fuar agus collaigin in uisce te.
- **Imoibriú Maillard** – imoibriú idir aimínaigéid agus carbaihiodráití a mbíonn donnadh bia mar thoradh air e.g. tósta
- **Leaisteachas** – tá roinnt próitéiní leaisteach e.g. glútan
- **Fabhrú Glóthaí** – tig le cuid díobh uisce a shú agus glóthach a dhéanamh e.g. geilitín a úsáidtear mar ghníomhaire cruachana.

(c) Déan cur síos ar phróiseas **amháin** a úsáideann déantóirí chun seilfré an bhainne a fhadú. Déan tagairt dóibh seo a leanas i do fhreagra:

- ainm an phróisis (2 mharc)
- conas a chuirtear an próiseas i bhfeidhm (3 phointe @ 2 mharc an pointe)
- tionchar an phróisis ar luach cothaitheach an bhainne. (2 phointe @ 2 mharc an pointe)

(12)

Próiseas	Cén chaoi a ndéantar an próiseas	Tionchar ar Luach Cothaitheach
Paistearadh	Téitear é chuig 72°-75°C ar feadh 15-25 soicind agus ansin fuaraítear go tapa é go dtí céim níos ísle ná 10°C.	Caillteanas vitimín B1 agus vitimín C
Steiriliú	Séalaítear i mbuidéil agus téitear chuig 104°C-113°C ar feadh 15-40 nóiméad, ansin fuaraítear.	Caillteanas vitimíní grúpa B agus vitimín C
UHT	Téitear chuig 132°C ar feadh 1-3 soicind trína dhoirteadh thar dhromchla téite. Ansin fuaraítear chuig 10°C agus pacáiltear i ngabhdáin steiriúla.	Caillteanas vitimín B agus vitimín C
Galaithe	Galaítear bainne paisteartha chuig leath a thoirte, ansin homaiginítear é, séalaítear i gcannaí é agus steirilítear é ag 115°C ar feadh 20 nóiméad.	Caillteanas vitimín B agus vitimín C.
Triomaithe	Homaiginítear, paistéartar agus galaítear chuig 60% dá thoirt tosaigh, triomaítear le sprae nó rollóir.	Caillteanas vitimín B agus milltear roinnt aimínaigéad.
Comhdhlúite	Homaiginítear, paistéartar bainne 72°C-80°C + 15% siúcra, galaítear chuig 1/3 dá thoirt é, fuaraítear é agus séalaítear i gcannaí é.	Cailltear vitimín B agus C

- (d) Déan trácht agus mionphlé ar an gcaoi a bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh ar bhianna a tháirgeann gnólachtaí beaga agus frontair bhaile. (20)

5 phointe @ 4 mharc an pointe

Réimse leathan – Uachtar reoite, cáis, seatnaithe, cácaí, aráin, subha, iasc deataithe etc.

Costas agus caighdeán – costasach / saor. Caighdeán i gcomparáid le rud atá olltáirgthe etc.

Infhaighteacht – margáí feirmeoirí agus/nó ollmhargaí, ar line etc.

Tairbhe a bhraitear a bheith leo – meastar go bhfuil táirge nach bhfuil chomh próiseáilte níos cothaithe agus níos sláintiúla etc.

Luach don gheilleagar – tugann sé fostaíocht áitiúil (díreach) agus soláthraithe (indíreach) etc.

Úsáideann sé táirgí áitiúla, tá go leor feirmeoirí ag úsáid táirgí malartacha chun a mbeatha a shaothrú

Tacaíocht mhaith do tháirgí áitiúla i gcúlú eacnamaíochta etc.

2. ‘Téann an diaibéiteas i bhfeidhm ar dhaoine as gach cearn den saol, idir dhaoine an-óg agus dhaoine scothaosta agus meastar anois gur eipidéim é atá ag scaipeadh ar luas lasrach ar fud an domhain.’

(An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte)

(a) Scríobh cuntas faisnéiseach ar an diaibéiteas.

Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- cineálacha (6 phointe @ 2 mharc an pointe) (12)

Cineál 1 – (ag brath ar inslin, faightear é le linn óige), níltear ag táirgeadh dóthain insline agus caithfear inslin a thógáil go laethúil.

Cineál 2 – (níltear ag brath ar inslin nó faightear é agus an duine fásta) tarlaíonn sé de bharr úsáid neamhéifeachtach na colainne as inslin.

Tá Cineál 2 ag timpeall 90% de na daoine a bhfuil diaibéiteas orthu agus tá sé mar thoradh go príomha ar bheith róthrom agus easpa gníomhaíochta fisiciúil. Bhíodh sé le feiceáil i ndaoine fásta amháin ach tá sé ag tarlú i leanaí anois chomh maith.

Iompair – hipirglícíme a fheictear den chéad uair nuair a bhíonn bean torrach.

- siomtóim (3 phointe @ 2 mharc an pointe) (6)

e.g. ag mún go minic, tart, ocras seasta, cailteanas meáchain, athruithe san amharc, tuirse

- riachtanais chothaithe ar chóir iad a leanúint le bheith in ann an riocht a bhainistiú. (4 phointe @ 3 mharc an pointe) (12)

Riachtanais Chothaithe ar leith

- Ith 3 bhéile rialta sa lá chun leibhéal siúcra san fhuil a chobhsú
- Laghdaigh an méid siúcra a itear, úsáid milseoir saorga
- Ith aiste bia sláintiúil idir 3 agus 5 píosa torthaí agus glasraí sa lá
- Lean aiste bia d’innéacs glícíme íseal (GI)
- Laghdaigh an méid saille sáithithe a itear,
- Ith níos mó bianna snáithín agus bianna carbaihiodráite stáirse-bhunaithe

(b) Rangaigh milseoirí saorga agus tabhair sampla **amháin** de gach ceann. (12)

2 Rangú @ 3 mharc an ceann

2 Shampla @ 3 mharc an ceann

Milseoirí saorga – milseoirí diana agus milseoirí Builce

Dian – Aspairtéim (Nutrasweet, Canderel), Siúicrín (Hermesetes)

Bulc – Soirbítól, Mainníótól, Xylitol, (Splenda)

(c) Tabhair breac-chuntas ar úsáid milseoirí i ndéantúsaíocht bia (8)

2 phointe @ 4 mharc an pointe

Chun bia a mhísiú le blas agus blastacht a fheabhsú.

Úsáidtear é i mbianna chun meáchan a chailleadh agus i mbianna le calraí isle.

Táirgeadh bianna/milseogra diaibéiteacha.

Táirgeadh deochanna boga.

Úsáidtear é i ndéanamh milseán e.g. faoiste.

Úsáidtear é in úrchaomhnú bia e.g. déanamh suibhe.

Úsáidtear é mar thaisleán chun triomú bia a chosc etc.

3. B'fhéidir gur tháinig fás gasta ar threocht an bhia orgánaigh de dhéantús baile le deich mbliana anuas, ach leis an gcúlú eacnamaíochta tá líon mór tomhaltóirí tar éis filleadh ar an mbia próiseáilte atá níos saoire.

(a) Tabhair cuntas ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar rogha bia an tomhaltóra. (20)

5 phointe @ 4 mharc an pointe

Cultúr – pasta san Iodáil, spíosraí san India. Reiligiún – ní itheann Giúdaigh feoil ó mhuc etc.

Gnéithe céadfacha – sainroghanna pearsanta, dath, blas etc.

Feasacht cothaithe – treoirlínte reatha aiste bia, tairbhe a mheastar a bheith le baint as, bianna GM etc.

Stádas sláinte – aistí bia srianta e.g. diaibéiteas, galar céiliach, CHD, ailléirgí etc.

Margaíocht agus fógraíocht – leagan amach ollmhargaidh, suíomh bianna, teilifís, meáin chlóite etc.

An t-airgead atá ar fáil – brandaí, gearrthacha feola níos daoire, ithe amuigh etc.

Pátrúin itheacháin – nós maireachtála – bia áise, réidh le hithe, mearbhianna, béilí teaghlaigh etc.

Infhaighteacht – bianna i séasúr, láthair – iasc etc.

Saincheisteanna sábháilteachta – seachnaíonn tomhaltóirí táirgí lena mbaineann saincheisteanna sláinte etc.

(b) Tabhair próifíl de do rogha bia a bhfuil próiseáil fairsing déanta air.

Tabhair mionsonraí de **gach** ceann díobh seo a leanas:

- Ainm an táirge – 2 mharc
- céimeanna táirgthe (5 phointe @ 2 mharc an pointe)
- pacáistiú (2 phointe @ 2 mharc an pointe)
- lipéadú. (2 phointe @ 2 mharc an pointe)

(20)

E.g. plúr, béilí cócaráilte fuaraithe

Plúr

Táirgeadh – glanadh, cóimheascadh, brisrolladh, criathrú, rolladh, rangú aeir, breiseáin curtha leis

Pacáistiú – meáite, pacáilte, páipéar

Lipéadú – ainm an bhranda, b'fhearr roimh dháta, méid, faisnéis chothaithe etc.

Béilí cócaráilte fuaraithe

Táirgeadh – cócaráiltear, scartar i gcodanna, fuaraítear chuig 3°C laistigh de 30 nóiméad den chócaráil, ansin fuaraítear go hiomlán laistigh de 90 nóiméad den chócaráil, stóráiltear ag teochtaí idir 1°- 3°C, iompraítear i gcoinníollacha fuara, stóráiltear i gcaibinéid fhuara

Pacáistiú – éasca le hoscailt, aeistéitiúil, eacnamaíoch, réasúnta láidir, in-bhithmhille nó in-athchúrsáilte e.g. gabhdáin scragaill agus cairtchlár etc.

Lipéadú – ainm an bhranda, b'fhearr roimh dháta, méid, faisnéis chothaithe etc.

(c) Tabhair breac-chuntas ar an gcosaint a thugtar don tomhaltóir leis na hAchtanna um Dhíol Bia agus Drugaí (1875, 1879, 1899 agus 1936). (10)

2 phointe @ 5 mharc an pointe

Cosnaíonn sé an tomhaltóir in aghaidh truailmheasctha agus calaoise. Is coir atá ann:

- bia a mheascadh, a dhathú nó a ruaimniú le haon chomhábhar a dhéanfadh an bia contúirteach do shláinte an duine
- aon bhia a dhíol nach bhfuil de chineál ná de chaighdeán a bhfuil tomhaltóirí ag súil leis.

Tugann sé ceart don tomhaltóir, ar tháille a íoc, aon bhia a anailísiú i Saotharlann an Anailísi Phoiblí.

4. **Bhí tionchar suntasach ag feidhmíocht an gheilleagair ar aonad an teaghlaigh.'**
(*The Irish Times, 13 Meán Fómhair 2010*)

- (a) Tabhair breac-chuntas ar ról an teaghlaigh mar aonad airgeadais laistigh den gheilleagar. (10)

2 phointe @ 5 mharc an pointe

e.g. Cuireann baill teaghlaigh atá ag obair leis an ngeilleagar trí bhia agus riachtanais a cheannach. Cruthaítear poist agus coinnítear ar bun iad nuair a chaitear airgead.

Cuireann teaghlach cóiríocht ar fáil do bhaill teaghlaigh trí réadmhaoin a cheannach, cuireann dleacht stampa leis an ngeilleagar agus leis na hinstiúidí airgeadais.

Foghlaimítear scileanna um Bainistiú Airgid agus tá siad ríthábhachtach do rith neamhspleách an aonaid teaghlaigh.

Tá go leor teaghlach neamhspleách ó thaobh airgeadais de, ach de bharr an chúlaithe eacnamaíochta le gairid tá deacrachtaí airgid ag roinnt teaghlach agus dá bhrí sin tá siad ag brath ar chúnaimh stáit.

Ioc cánacha a chuireann leis an ngeilleagar náisiúnta agus le rith na tíre.

Gintear leanaí agus dá bhrí sin fórsa saothair don todhchaí.

- (b) Pléigh tionchar na dtosca sóisialta seo a leanas ar ioncam an teaghlaigh:

- aois
- inscne
- aicme shóisialta
- cultúr.

(24)

4 phointe @ 6 mharc an pointe

Aois – is iondúil go n-ardaíonn ioncam de réir mar a théann daoine in aois, titeann ioncam nuair a théann daoine ar scor, tig le déagóirí poist pháirtaimseartha a fháil chun an t-ualach airgeadais a laghdú etc.

Inscne – An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, pá cothrom do gach duine in ainneoin inscne, ach tá roinnt post bainistíochta fós líonta ag fir den chuid is mó etc.

Aicme shóisialta – fágann roinnt daoine ó chúlraí níos boichte an scoil go luath gan cháilíochtaí, d'fhéadfadh díghostáíocht a bheith mar thoradh air seo; bíonn deiseanna oideachais níos fearr ar fáil dóibh siúd le cúlra meánaicme de ghnáth, níos mó seans acu cáilíochtaí agus poist le pá níos fearr a fháil etc.

Tosca cultúir – bíonn luach éagsúil ag cultúir dhifriúla ar ioncam – i dtíortha i mbéal forbartha caitear ioncam ar riachtanais, i dtíortha níos saibhre caitear ioncam indiúscartha ar shó-earraí; déantar cinneadh i roinnt cultúr maidir le mná ag obair taobh amuigh den teach, rud a mbíonn tionchar aige ar ioncam an teaghlaigh; grúpa socheacnamaíochta níos ísle – i gcásanna áirithe ní bhíonn sé sa chultúr fostaíocht a lorg, rud a chuireann srian ar ioncam an teaghlaigh; i measc an lucht siúil is é an cultúr fanacht cóngarach don phobal inar éirigh siad aníos, rud a d'fhéadfadh srian a chur ar dheiseanna tuillimh etc.

- (c) Ainmnigh agus mínigh **ceithre** thoise a bhféadfadh ionchur a bheith acu sna patrúin éagsúla de chaiteachas an teaghlaigh. (16)

4 phointe @ 4 mharc an pointe

Tá caiteachas coibhneasta le gach teaghlach agus na leibhéil éagsúla ioncaim.

Caithfidh an leibhéal caiteachais comhfhreagairt don leibhéal ioncaim d'fhonn nach mbeidh daoine i mbaol dul i bhfiacha.

Caiteachas riachtanach (Seasta) – morgáiste, iasachtaí, árachas, fóntais.

Mírialta – Bia, éadaí, dochtúir, carr.

Lánroghnach – coigiltis, só-earraí, laethanta saoire, siamsaíocht.

Suirbhé ar Bhuiséad Tí – caitheann daoine ar ioncam íseal níos lú airgid ar bhia ná iad siúd ar ioncam níos airde; ar thithíocht a tháinig an t-ardú is mó i gcaiteachas, ar alcól agus ar thobac a tháinig an t-ardú is ísle Leibhéal ioncaim, tionchar aicme shóisialta ar phatrúin chaiteachais i dteaghlaigh dhifriúla.

Bíonn níos lú ioncaim lánroghnach ag teaghlaigh ar ioncam íseal.

Caitheann mná formhór a n-ioncam ar an teaghlach seachas ar chaiteachas pearsanta.

Caitear níos mó i dteaghlaigh uirbeacha ná i dteaghlaigh tuaithe.

Méid teaghlaigh, céimeanna teaghlaigh etc.

5. Is é an teaghlach an léiriú is sine atá againn den chaidreamh daonna agus bíonn an teaghlach á chur féin in oiriúint go leanúnach don athrú, d'fhorbairt an duine agus don dul chun cinn.

(a) Sainmhíneadh an téarma *teaghlach* agus mínigh cad a thuigtear le huilíocht an teaghlaigh. (10)

Sainmhíniú (5 mharc)

Grúpa daoine a bhfuil gaol fola, gaol pósta nó gaol uchtaíthe acu le chéile.

'Bunaonad na sochaí, a fheidhmíonn mar thaca dá bhaill agus a sheolann luachanna ar aghaidh ó ghlúin go glúin.' (*Na Náisiúin Aontaithe*)

'Buíon-aonad príomha bunaidh don chomhdhaonnacht de réir nádúir.' (*Bunreacht na hÉireann*)

Uilíocht (5 mharc)

Tá teaghlaigh le fáil i ngach sochaí atá ar eolas.

Bíonn an cineál teaghlaigh difriúil ó shochaí go sochaí, ach tá coincheap an teaghlaigh uilíoch.

(b) Pléigh ról agus freagrachtaí bhaill an teaghlaigh **agus** mínigh conas a athraíonn na ról seo le linn shaolré an teaghlaigh. (24)

6 phointe @ 4 mharc an pointe

Ról agus Freagrachtaí Leanaí

Mac/iníon/deartháir/deirfiúr/garleanbh.

Bíonn tionchar ag aois ar fhreagrachtaí ach áirítear iontu meas a thaispeáint, foghlaim le hiompar ar bhealach inghlactha, eolas a fháil go neamhfhoirmiúil agus go foirmiúil, neamhspleáchas a fháil de réir a chéile.

Déagóirí

D'fhéadfadh sé go bhfuil freagrachtaí breise ar **dhéagóirí** ag feighil leanaí, ag cuidiú le leanaí níos óige le hobair bhaile, nó ról bheith acu i gcinnteoireacht agus i rith an teaghlaigh.

Ról agus Freagrachtaí Tuismitheoirí

Máthair/Athair/Céile

Atáirgeadh; Cothú, Sóisialú; eacnamaíoch, oideachas; cúram dá chéile; cúram do dhaoine aosta.

Ról agus Freagrachtaí Seantuismitheoirí

Seantuismitheoir/céile

De bharr go maireann daoine níos faide sa lá atá inniu ann agus go mbíonn sláinte mhaith acu go ginearálta, bíonn ról lárnach acu i saol an teaghlaigh.

Caitheann siad am lena leanaí/ngarchlann; cúram leanaí; cúnaimh airgid dá dteaghlaigh; tacaíocht mhothúcháin do leanaí/gharchlann; luachanna a chur ar aghaidh e.g. meas agus taithí saoil etc.

(c) Tabhair cuntas ar **cheithre** thoisc a chuireann ar chumas daoine scothaosta a neamhspleáchas a choinneáil. (16)

4 phointe @ 4 mharc an pointe

- Cuireann focaíochtaí leasa shóisialaigh agus cártaí leighis ar chumas daoine a bheith neamhspleách ó thaobh airgid sa teaghlach.
- Cuireann taisteal in aisce ar chumas daoine taisteal, coinneáil i dteagmháil le cairde agus teaghlach.
- Diríonn cúram pobail ar dhaoine scothaosta a choinneáil ina dtithe féin seachas iad a thabhairt chuig ospidéal.
- Tig le dea-theaghlach agus comharsana cuidiú le daoine scothaosta a neamhspleáchas a choinneáil trí chuairt a thabhairt orthu go rialta agus cúnaimh a thabhairt más gá.
- Cuidíonn roghanna difriúla tithíochta le daoine scothaosta neamhspleáchas a choinneáil murar féidir leo cónaí astu féin e.g. scéimeanna sciath-thithíochta.
- Cuireann scéimeanna cosúil le béilí ar rothaí béilí maithe cothaitheacha ar fáil ar chostas íseal.
- Slándáil airgeadais e.g. pinsean.
- Bheith ina mbaill ghníomhacha den phobal etc.

Roinn C

Freagair ceist amháin as an roinn seo.

Iarrthóirí a chuir isteach obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh le haghaidh a scrúdaithe, is í Ceist 2 amháin as an roinn seo a gceadaítear dóibh tabhairt fúithi.

Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) agus 1(b) nó 1(c) a fhreagairt.

1.(a) Tháinig stíleanna tógála éagsúla chun cinn agus an daonra ag dul i méid agus de thoradh an dul chun cinn atá déanta i dteicneolaíocht na tógála. Tá cúiseanna ann le forbairt gach stíl tithíochta.

- (i) Ainmnigh trí stíl tithíochta atá le fáil go coitianta in Éirinn sa lá atá inniu ann agus tabhair cúiseanna leis an móréileamh atá ar gach ceann díobh. (24)

3 phointe @ 8 marc an pointe

- Traidisiúnta – neo-Sheoirseach etc – comhréir agus gléastacht
- Nua-aimseartha – íostach, solas, go leor solais – éasca le glanadh agus cothabháil
- Teachín ar an tseanstíl – tóir air i gceantair thurasóireachta, ag teacht leis an timpeallacht áitiúil
- Athchóiriú seantithe – comhréir agus gléastacht, deontais ar fáil
- Tá tóir ar thithe sraithe, leathscoite agus scoite i mbailte agus i gcathracha mar go gcónaíonn go leor daoine i gceantair uirbeacha, tithe céaduaire
- Tá tóir ar bhungalónna, bungalónna le fuinneoga dormánta, tithe dhá stór i gceantair thuaithe mar tá suíomhanna agus costais tógála níos saoire
- Bloic árasáin – easpa spáis, daonra ag fás, níos lú cothabhála ag teastáil
- Coimpléisc (lena n-áirítear réimse tithe cathracha agus árasáin) taobh thiar de gheataí slándála go minic – feileann siad do dhaoine ag tosú amach ar dhréimire na réadmhaoine agus daoine níos sine atá ag laghdú méide – sábháilteacht, infheistíocht, etc.

- (ii) Tabhair breac-chuntas ar na nósanna imeachta a bhaineann le lánchead pleanála a fháil. (12)

4 phointe @ 3 mharc an pointe

Táthar ag súil leis an nós imeachta ar fad chun marcanna iomlána a fháil. Fógra rúin/foilsítear cead pleanála i nuachtán áitiúil, íoctar táille agus cuirtear iarratas mionsonraithe chuig an údarás pleanála áitiúil, crochtar fógra suímh, iniúchadh poiblí – tig le ball ar bith den phobal iniúchadh a dhéanamh ar na pleananna, déanann oifigigh phleanála iniúchadh ar an suíomh, deonaítear nó díúltaítear cead agus tugtar fáthanna má dhiúltaítear.

- (iii) Leag amach mionsonraí phíosa amháin den reachtaíocht reatha a rialaíonn na caighdeáin tógála do thithe. (14)

Ainmnigh an reachtaíocht 4 mharc

2 phointe @ 5 mharc an pointe

Scéim Ráthaithe Náisiúnta um Thógáil Tithe (Banna Tí) – tógálaithe cláraithe, déantar iniúchadh ar an teach trí huair le linn na tógála, eisítear teastas má shroicheadh an teach na caighdeáin; ráthaíonn an teastas in aghaidh cailteanas éarlaise má bhreithnítear an tógálaí ina fhéimheach agus in aghaidh mórlaigí struchtúrtha taobh istigh de dheich mbliana; teastaíonn teastas Banna Tí ó go leor gníomhaireachtaí iasachta; tá an scéim á reachtáil ag Cuideachta NHBG agus an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil.

Acht na Rialachán Foirgníochta 1991 – leagtar amach ann rialacha a bhaineann le cúrsaí dearadh agus tógáil tithe lena chinntiú go bhfuil tithe ina spásanna cónaithe sábháilte agus compordach d'áititheoirí. Baineann na rialacháin le hábhair a úsáidtear, caighdeáin tógála, insliú, téamh, soilsiú, aerú agus diúscairt dramhaíola. Tá sé de fhreagracht ar an údarás áitiúil an reachtaíocht seo a chur i bhfeidhm.

agus

1.(b) As foinní neamh-in-athnuaite fuinnimh a ghintear an chuid is mó den fhuinneamh a úsáidtear ar domhan.

(i) Pléigh foinse neamh-in-athnuaite fuinnimh **amháin** a úsáidtear sa teach cónaithe.

Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- foinse (1 pointe @ 3 mharc)
- buntáistí/míbhuntáistí (2 phointe @ 4 mharc an pointe)
- inmharthanacht (1 pointe @ 4 mharc)

(15)

Foinse	Buntáistí/Míbhuntáistí	Inmharthanacht
Leictreachas – fuinneamh a scaoiltear trí bhreosla iontaisí a dhó, casann sé tuirbín a chuireann gineadóir ag obair le leictreachas a tháirgeadh. Téann an leictreachas trí chlaochladáin chun an voltas a laghdú agus é a chur in oiriúint le húsáid i dtithe.	Glan, éifeachtach. Baintear go leor úsáid as, téamh, soilsíú agus cumhacht d'fhearais. Costas don tomhaltóir – costasach.	Úsáidtear gual, gás, ola agus móin chun leictreachas a tháirgeadh – teoranta agus níl siad in-athnuaite. Tá cumhacht gaoithe, gréine agus uisce in-athnuaite /inbhuanaithe.
<i>Ola</i> – breosla iontaise d'iarsmaí lofa planda agus ainmhí curtha idir shraitheanna cré agus carraige, faoi réir teasa agus brú. Tochlaíonn rigí ola d'ola ar an talamh agus san fharraige, mínghlantar amhola sula n-úsáidtear é.	Glan, éifeachtach. Ní chruthaíonn sé mórán dramhaíola ná truailithe nuair a dhóitear é Baintear go leor úsáidí as – téamh seomraí agus uisce agus cócaireacht. Costas don tomhaltóir – an-chostasach agus ag ardú i gcónaí. Braitheann an costas ar an ngeilleagar domhanda.	Tá cúltaisc teoranta agus méadú ar an úsáid. Tá cuardach ola an-chostasach
<i>Gás</i> – Nádúrtha agus i mbuidéil (LPG) Breosla iontaise a tharlaíonn go nádúrtha faoi ghrinneall na farraige; tá soláthar dá cuid féin ag Éirinn amach ón gcósta theas agus tugtar i dtír i bpíopa é. De bharr éileamh mór, iompórtáiltear roinnt anois.	Dóitear gás nádúrtha go hiomlán agus ní thruaillíonn sé an t-atmaisféar; ní theastaíonn aon mhínghlánadh ná mórán próiseála uaidh sula n-úsáidtear é. Tig leis bheith contúirteach má shuiteáiltear nó má úsáidtear go mícheart é.	Níl sé in-athnuaite, tá cúltaisc teoranta. Tá méadú ar an úsáid ar fud an domhain.
<i>Breosla soladach</i> – is breosla iontaisí atá i ngual i leapacha faoi dhromchla an domhain. Caithfear mianadóireacht a dhéanamh air chun é a bhaint as an talamh.	Táirgeann gual níos mó teasa ná móin nó adhmaid; sách saor le táirgeadh; tá gual gan deatach ar fáil; úsáidtear é chun leictreachas a ghiniúint agus chun spás agus uisce a théamh. Nuair a dhóitear é cruthaítear luathreach, súiche agus deatach. Táirgeann sé níos mó CO ₂ ná gás nó ola agus níos mó dé-ocsaíde sulfair agus ocsaídí nítrigine, mar sin cuireann sé go mór le truailiú an atmaisféir.	Níl mórán soláthair ann ach tá cúltaisc mór agus scaipthe níos cothroime ar fud an domhain ná ola agus gás. Iompórtáilann Éire formhór a cuid guail.
<i>Breosla soladach</i> – tá móin comhdhéanta d'iarsmaí páirt-dianscaoilte de phlandaí atá carntha i gceantair shíorfhliucha ina bhfuil an aeráid réasúnta fionnuar. Soláthraíonn Bord na Móna brící agus móin mheaisín.	Tá móin réasúnta saor; tá brící (gan deatach) ar fáil. Nuair a dhóitear é cruthaítear luathreach, súiche agus deatach	Níl móin in-athnuaite. Tá ceantair áirithe i mbaol ídiú láithreach.

- (ii) Déan cur síos ar **thrí** bhealach inar féidir le dearadh agus tógáil tí cabhrú le hídiú fuinnimh a laghdú. (15)

3 phointe @ 5 mharc an pointe

Grianchórais – e.g. deartar ailtireacht ghréine éighníomhach, treoshuíomh tí, leagan amach, gloiniú agus insliú chun úsáid iomlán a bhaint as fuinneamh gréine; téamh gréine gníomhach i.e. athraíonn tiomsaitheoirí gréine solas na gréine ina theas; córais fótvoltacha ghréine i.e. fuinneamh gréine a athrú ina leictreachas

Fuinneoga móra ar na ballaí ó dheas – tugann fuinneamh na gréine teas agus solas

Fuinneoga – déghloinithe.....

Inslíú sa díon, áiléar agus ballaí.....

Téamh – téamh criosaithe, teirmeastait agus amadóirí seomra, geoiteirmeach

BER – rátáil BER íseal e.g. A1

Títhe de fhráma adhmaid...

Soilsíú braiteora...

Cuasbhallaí... etc.

nó

- 1.(c) ‘Tá sé an-éasca an sochar a dhéanann an soilsíú d’fholláine agus do ghiúmar an duine a mheas faoina luach.’

(An Irisleabhar ‘Ireland’s Home Interiors & Living’, Lúnasa 2010)

- (i) Pléigh na prionsabail is cóir a chur san áireamh agus córas soilsithe á phleanáil do theach teaghlaigh. (12)

3 phointe @ 4 mharc an pointe

- Pleanáil ag an gcéim is luaithe agus is féidir le linn tógála....
- Cuir na cineálacha soilsithe seo a leanas san áireamh – ginearálta, taisc agus béime.....
- Dóthain soilsithe do mhéid an tseomra....
- Cuir feidhm an tseomra san áireamh.....
- Seachain dallrú, bain úsáid as scáthanna.....
- Cuir foinsí éagsúla solais san áireamh, nádúrtha agus saorga.....
- Ceadaigh solúbthacht – íslitheoir.....
- Sábháilteacht....
- Cothabháil – teacht éasca ar shoilsí chun bolgáin a athrú agus iad a ghlanadh go héasca.....

- (ii) Ainmnigh agus mínigh **trí** airí den solas. I **ngach** cás díobh, tabhair sampla don fheidhm atá aige sa teach cónaithe. (18)

3 phointe @ 6 mharc an pointe

Frithchaite – preabann gathanna solais de dhromchla lonrach – tileanna ceirmeacha glónraithe, scátháin, síleáil bhán.

Athraonta – lúbann gathanna solais nuair a théann siad trí ghloine tiubh e.g. brící gloine, gloine de chuma reoite.

Idirleata – scaiptear gathanna nuair a théann siad trí shubstaintí tréshoilseacha nó má bhuaileann siad dromchla frithchaiteach e.g. scáthanna lampa teimhneacha.

Ionsúite – ionsúnn dromchlaí dorcha agus neamhlonracha gathanna solais e.g. bíonn cuma níos lú ar sheomra le dath dorcha ar na ballaí.

Spréite – bristear gathanna solais a théann trí phriosma nó criostal ina ndathanna comhpháirte e.g. crann solais criostail.

Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2(a) agus 2(b) nó 2(c) a fhreagairt.

2.(a) Má chaitear éide scoile atá ar ardchaighdeán, ní hamháin gur cúnamh é le spiorad an bhróid a chothú ach is cúnamh freisin é do gach scoil ar leith í féin a chur chun cinn.

- (i) Sceitseáil agus déan cur síos ar fheisteas a bheadh oiriúnach le caitheamh mar éide scoile. (10)

*Sceitse 4 mharc
Cur síos 6 mharc*

- (ii) Maidir leis an bhfeisteas, tabhair sonraí fúthu seo:
- conas a cuireadh **trí** phrionsabal dearaidh i bhfeidhm
 - an chaoi ina bhfuil an feisteas oiriúnach don fheidhm atá aige. (15)

*3 phrionsabal @ 3 mharc an ceann
2 phointe @ 3 mharc*

Prionsabail an dearaidh i.e. cothromaíocht; comhréir; béim; rithim; comhréiteach
Oiriúnacht don fheidhm - marthanacht, éasca le haire a thabhairt dó, costas, compord etc.

agus

2.(b) Scríobh próifíl ar fhabraic **amháin** atá déanta as snáithíní nádúrtha.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- táirgeadh an tsnáithín (3 phointe @ 2 mharc an pointe)
- airíonna an tsnáithín (2 phointe @ 2 mharc an pointe)
- triail an dócháin a úsáid chun na snáithíní a aithint (5 mharc)

(15)

nó

2.(c) Tá clú idirnáisiúnta ar Éirinn maidir le dearadh agus le déantúsaíocht éadaí ar ardchaighdeán.

- (i) Ainmnigh **trí** phríomhearnáil i dtionscal éadaí agus teicstílí na hÉireann. (3)
3 phointe @ 1 marc an pointe

Éadaí fear; éadaí ban; éadaí leanaí; éadaí cniotáilte; éadaí fóillíochta/spóirt;
oiriúintí/góiséireacht; éadaí cnis; bróga

- (ii) Mínigh an tionchar atá ag **gach** ceann díobh seo a leanas ar dhearadh agus ar dhéanamh na n-éadaí:

- treochtaí faisin
- stíl mhaireachtála
- costas. (12)

3 phointe @ 4 mharc an pointe

Treochtaí faisin – déan aithris ar na héadaí a chaitheann na réalta pop agus pearsantachtaí meán, agus an teaghlach ríoga; tionchar ó na rudaí a bhíonn ar an ardán taispeána/dearthóirí faisin.

Stíl mhaireachtála – cruthaíonn corpacmhainn agus aclaíocht agus níos mó ama fóillíochta éileamh ar éadaí compordacha, inanálaithe, solúbtha, atá láidir ach éadrom, mar sin fabraicí cosúil le Lycra agus éadaí fóillíochta i.e. culaith spóirt; beidh tionchar ag feidhm an éadaigh ar an dearadh i.e. éide oifigiúil.

Costas – tá níos lú ioncam indiúscartha ag daoine dá bhrí sin úsáidtear fabraicí níos saoire agus úsáidtear fabraicí sintéiseacha agus éadaí á ndéanamh; i ngeilleagair faoi bhorradh déantar éadaí le fabraicí só agus níl aon teorainn airgid ann etc.

Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3(a) agus 3(b) nó 3(c) a fhreagairt.

- 3.(a) ‘Téann níos lú ná 15 faoin gcéad de dhaltáí na hArdteistiméireachta i gcuid de na ceantair is boichte i mBaile Átha Cliath ar aghaidh chuig an tríú leibhéal cé go mbíonn ráta 100 faoin gcéad ag dul ar aghaidh i gcás dhaltáí fhormhór na scoileanna i ndeisceart Bhaile Átha Cliath.’ *(The Irish Times, 16 Samhain 2010)*

- (i) Déan anailís ar na príomhthosca a théann i bhfeidhm ar an ngnóthachtáil san oideachas. (24)

4 pointe @ 6 mharc an pointe

e.g. intleacht; tionchar an teaghlaigh; timpeallacht baile; eitic oibre duine; méid an teaghlaigh; an scoil ar ar freastalaíodh – ceantar agus timpeallacht na scoile; piaraí; tacaíochtaí do riachtanais speisialta etc.

- (ii) Pléigh ceithre thoisic a chuireann leis an bhfás ar an éileamh ar an oideachas aosach agus ar an oideachas athdheise in Éirinn. (16)

4 pointe @ 4 mharc an pointe

e.g. Ardú i ndeiseanna fostaíochta; faigh/cuir le cáilíochtaí; deiseanna ardú céime a fheabhsú; féin-chomhlíonadh; athruithe teicneolaíochta; tabhairt faoi réimse suime/caitheamh aimsire; forbairt ghairmiúil / scileanna a choinneáil suas go dáta; sóisialú; dara deis ar oideachas chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú, infhaighteacht cúrsaí, Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas (BTEA) etc.

- (iii) Ainmnigh agus tabhair mionsonraí tionscnamh comhaimseartha amháin a chuir ar chumas níos mó daltaí oideachas tríú leibhéal a fháil. (10)

Ainm 2 mharc

2 pointe @ 4 mharc an pointe

e.g. d'fhéadfadh Cúrsaí Cianfhoghlama, cúrsaí Ollscoil Oscailte bheith lánaimseartha nó páirtaimseartha chun gach mac léinn a éascú.

Tá BTEA ar fáil do chúrsaí tríú leibhéal dóibh siúd atá dífhostaithe nó ina dtuismitheoirí aonair agus dóibh siúd faoi mhíchumas.

Íoctar “Liúntas um Costas Oideachais” ag tús na bliana dóibh siúd atá dífhostaithe nó ina dtuismitheoirí aonair.

Táillí in aisce agus deontais chothabhála.

Bealach Rochtana ar Ardoideachas (HEAR) – scéim iontrála dírithe ar rochtain chuig tríú leibhéal a fheabhsú do mhic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste sóisialta; caithfidh mic léinn a cháilíonn bunriachtanais a shásamh agus d'fhéadfaí áit ar an gcúrsa a thabhairt dóibh le pointí laghdaithe. Scoláireachtaí.

Bealach Iontrála Forlíontach (DARE) – bealach rochtana míchumais ar oideachas do mhic léinn a bhfuil deacrachtaí foghlama acu nó atá faoi mhíchumas. Tabharfar rochtain dóibh ar theicneolaíochtaí agus tacaíochtaí cúntacha sa choláiste mar aon le pointí iontrála laghdaithe.

Printíseachtaí FÁS; cúrsaí PLC; cúrsaí HETAC leibhéal 7, etc.

agus

- 3.(b) Le 30 bliain anuas, chonacthas athruithe sóisialta agus geilleagracha ollmhóra in Éirinn.

- (i) Pléigh tionchar an athraithe shóisialta ar shaol an teaghlaigh. (20)

4 pointe @ 5 mharc an pointe

e.g. athrú i bpatrúin lonnaíochta idir ceantair uirbeacha agus tuaithe; laghdú in uaireanta oibre agus ardú in am fóillíochta; feabhsúcháin i soláthar oideachais; feabhsúcháin i soláthar leasa shóisialaigh; meon i dtaobh an phósta ag athrú, tuismitheoireacht agus ról thraidisiúnta sa teaghlach; rannpháirtíocht ardaithe ban san fhórsa saothair; reachtaíocht ar phá cothrom agus deiseanna fostaíochta; dífhostaíocht; eisimirce – tuismitheoirí amháin ag obair thar lear etc.

- (ii) Déan meastachán ar an tionchar a bhíonn ag an laghdú ar dheiseanna fostaíochta in Éirinn sa lá atá inniu ann. (10)

2 phointe @ 5 mharc an pointe

e.g. ioncam laghdaithe – deacracht ag íoc morgáiste agus billí fónais; níos lú ioncam indiúscartha ar fáil – laghdú ar chaiteachas neamhriachtanach; níos mó ama le caitheamh le leanaí; am le gníomhaíochtaí ar chostas íseal mar theaghlach; strus teaghlaigh le feiceáil; tionchar ar an duine atá ag lorg fostaíochta; costas airgeadais ar an stát dóibh siúd atá difhostaithe; meanma íseal; laghdú i ndaonra tuaithe mar go mbíonn ar dhaoine an áit a fhágáil chun fostaíocht a lorg; eisimirce etc.

nó

- 3.(c) In 2007, bhí beirt bhan as gach triúr gníomhach i margadh fostaíochta na hÉireann. (Áit na Mná: Rannpháirtíocht na mBan i Margadh Fostaíochta na hÉireann. ESRI, 2009)

- (i) Déan anailís ar na tosca a chuir leis an bhfás ar ráta rannpháirtíochta na mban i margadh fostaíochta na hÉireann. (20)

4 phointe @ 5 mharc an pointe

e.g. teaghlaigh níos lú; ní bhíonn páistí ag mná anois go dtí go mbíonn a slite beatha bunaithe; difhostaíocht i measc na bhfear, dá bhrí sin tá níos mó ban ag filleadh ar an obair mar phríomhshaothraí an teaghlaigh; brúnna eacnamaíochta de bharr go dteastaíonn dhá ioncam chun nós maireachtála a chothabháil; daoine a bhfuil ardoideachas orthu ar mian leo a gcáilíochtaí a úsáid; struchtúir thacaíochta i bhfeidhm e.g. naíolanna; solúbthacht níos mó san ionad oibre e.g. postroinnt, obair go páirtaimseartha, uaireanta solúbtha, saoire tuismitheora, am téarma etc; comhionannas deiseanna i bhfostaíocht agus oideachas etc.

- (ii) Tabhair **dhá** shampla den chaoi a gcosnaíonn an reachtaíocht cearta daoine atá fostaíthe. (10)

2 phointe @ 5 mharc an pointe

e.g. coinníollacha oibre feabhsaithe – leagtar amach saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar shláinte (téamh, soilsiú, aerú agus glaineacht) agus sábháilteacht sa reachtaíocht agus déanann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta monatóireacht orthu.

An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta – Pá Íosta.

Coisceann an tAcht Comhionannais 2004 leithcheal ar fhorais áirithe e.g. inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, cine, reiligiún, claonadh gnéis, ballraíocht den Lucht Siúil.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 – uaireanta oibre agus sosanna.

Airítear le teidlíochtaí dleathacha laethanta saoire le pá, sochair cosúil le saoire mháithreachais nó sochar míchumais, saoire tuismitheora, force majeure, saoire cúramóra.

An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 – coinníollacha d'fhostaithe faoi 16 bliana d'aois, tá cosc ar fhostaíocht lánaimseartha leanaí faoi 16 bliana d'aois, obair éadrom do leanaí 14/15, uasmhéid 35 uair sa tseachtain do leanaí 14/15 bliana d'aois, uasmhéid 40 uair sa tseachtain do leanaí 16-18 mbliana d'aois, ní féidir le leanaí faoi 18 bheith ag obair i ndiaidh 10pm

Caithfear sosanna a thabhairt – 30 nóiméad in aghaidh gach 4 huair an chloig do leanaí 14/15 bliana d'aois agus 30 nóiméad gach 4.5 huair an chloig do leanaí 16 bliana d'aois etc.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2011

**AISTRIUCHÁN
AR SCÉIM MHARCÁLA**

**EACNAMAÍOCHT BHAILE -
EOLAÍOCHT AGUS SÓISIALTA**

SCRÚDÚ PRAITICIÚIL BIA-OBAIR CHÚRSA

Critéir Ginearálta Mharcála don Obair Chúrsa Praiticiúil sa Staidéar Bia

Fiosrúchán: Anailís/Taighde – 30 marc

Taighde agus Anailís

= 20

Banda A 16-20 marc (an-mhaith – ar fheabhas)

Fiosrúchán

- tá fianaise ann go ndearnadh **taiscéalaíocht chríochnúil** agus **anailís chuimsitheach** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc
- tá sé cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- baineann sé úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú

Banda B 11-15 marc (an-ábaltá – go maith)

Fiosrúchán

- tá fianaise ann go ndearnadh **taiscéalaíocht** agus roinnt **anailíse** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc
- tá sé cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- baineann sé úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú

Banda C 6-10 marc (bunúsach –ábaltá)

Fiosrúchán

- tá fianaise ann go ndearnadh **taiscéalaíocht** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc
- tá sé réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- baineann sé úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú

Banda D 0-5 marc (an-bhunúsach – teoranta)

Fiosrúchán

- tá fianaise ann **ar thuiscint an-bhunúsach teoranta** ar phríomhriachtanais taisc
- tá cuid den eolas nó an t-iomlán de éiginnte agus gan cuid de cruinn; tá easpa comhleanúnachais sa chur i láthair
- baineann sé úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú

Gach Tasc. - 2 bhéile dhá chúrsa / 2 mhias / 2 tháirge/ biachlár lae

= 4

Mura ndéantar fiosrúchán ar an mias a ullmhaítear -1 / -2 mharc san Fhiosrúchán

(biachlár – cúrsa tosaigh/ milseog = 1 mharc amháin, príomhchúrsa = 1 marc amháin)

béilí / miasa / táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán

Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe – glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia

Cúiseanna / critéir roghnaithe – 2 × 2 mharc

= 4

Léiríonn go soiléir na critéir a chinntigh rogha na méise nó an táirge a roghnaíodh chun é a ullmhú.

Foinsí ar a n-áirítear foinse an oidis – 2 × 1 mharc

= 2

Ullmhúchán agus Pleanáil – 6 mharc

- Acmhainní (comhábhair ar a n-áirítear costáil, trealamh) = 3
- na príomh-chomhábhair, costas aonaid, an príomhthrealamh a úsáideadh ag brath ar an mias (bíodh coinne le costas ar gach rud seachas Réimse Cleachtais E)
 - Roinnt Ama/Ord na hoibre = 3
- ullmhúchán, ord na dtascanna, measúnú
- Banda A: 3 mharc – gach príomhchéim sainaitheanta, an t-ord ceart
Banda B: 2 mharc - roinnt príomhchéimeanna sainaitheanta nó an t-ord mícheart
Banda C: 1 mharc – gan ach roinnt-príomhchéimeanna sainaitheanta agus an t-ord mícheart

Cur i bhFeidhm – 28 marc

- Cur síos gearr ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear ullmhúchán, próisis leis an mbia a ullmhú,
am cócaireachta /teocht, riar /cur i láthair, níochán, blaiseadh/measúnú. = 16
(Ba chóir go mbeadh an t-eolas / an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin)

Banda A 13- 16 mharc (an-mhaith – ar sheabhas)

Sainaitheann gach céim riachtanach in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair i bhfocail an iarrthóra féin iad, san ord ceart agus tagairt cheart don phróiseas / do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu chun an bia a ullmhú

Banda B 9-12 mharc (an-ábaltá – go maith)

Sainaitheann formhór na gcéimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair san ord ceart iad le tagairt cheart don phróiseas / do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu chun an bia a ullmhú

Banda C 5 - 8 mharc (bunúsach – ábalta)

Sainaitheann roinnt céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair san ord ceart iad le tagairt cheart don phróiseas / do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu chun an bia a ullmhú

Banda D: 1-4 mharc (an-bhunúsach – teoranta)

Ní shainaitheann aon cheann, nó ní shainaitheann ach roinnt, de na céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, ní dhéantar achoimre orthu ná ní cuirtear i láthair san ord ceart iad le tagairt cheart don phróiseas /do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu chun an bia a ullmhú

- Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh (caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil shainiúil) = 8
2 × 4 mharc
Sainithint (2) agus míniú soiléir ar thábhacht (2) dhá chúinse a cuireadh san áireamh a raibh baint chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias
- Sábháilteacht /Sláinteachas = 4
2 × 2 mharc
(caithfidh baint a bheith acu le comhábhair shainiúla atá in úsáid/ leis an mias atá á cócaráil)
Sainithint (1) agus míniú soiléir (1) ar phríomh-shaincheist sábháilteachta amháin agus ar phríomh-shaincheist sláinteachais amháin a cuireadh san áireamh agus an mhias á hullmhú agus á cócaráil / an tástáil á dhéanamh.

Measúnú – 16 mharc

Déan measúnú ar an tasc sna téarmaí seo:

- Cur i bhFeidhm = 8
2 × 4 mharc an ceann
Banda A: 4 mharc – shainithin, agus rinne anailís ar, laigí / láidreachtaí sainiúla agus an tasc á dhéanamh, cuireadh bonn soiléir faoi mhionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní / pleanáil
Banda B: 3 mharc – shainithin laigí / láidreachtaí sainiúla agus an tasc á dhéanamh, cuireadh bonn éigin faoi mhionathruithe a moladh, rinneadh anailís teoranta ar úsáid acmhainní / pleanáil
Banda C: 2 mharc – rinneadh iarracht éigin laigí nó láidreachtaí a shainithint agus an tasc á thabhairt chun críche, níorcuireadh bonn faoi mhionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní / don phleanáil
- Sainriachtanais an taisc = 8
2 × 4 mharc an ceann
Banda A: 4 mharc – baintear tátal eolach as an obair i gcás dhá phríomhriachtanas de chuid an taisc
Banda B: 3 mharc – baineann tátal teoranta as an obair i gcás dhá phríomhriachtanas de chuid an taisc
Banda C: 2 mharc – déanann achoimre ar dhá thoradh ar an obair maidir leis an tasc

Réimse Cleachtais A – Cur i bhFeidhm Phrionsabal an Chothaithe

Tasc 1

Bíonn aiste bia, a bhíonn curtha in oiriúint dá riachtanais, ag teastáil ó leanaí óga.

Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaitheacha agus ar na treoirlínte pleanála béilí is cóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil do leanaí idir 12 agus 24 mí d'aois.

Agus na cúinsí seo á gcur san áireamh, déan fiosrú ar réimse de mhiasa príomhchúrsa do theaghlach ina bhfuil leanaí den aois seo. Mol mionathruithe is féidir a dhéanamh ar na miasa chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach do leanaí óga. Ullmhaigh, cócaráil agus riar **ceann amháin** de na príomhchúrsaí a bheadh oiriúnach do phríomhbhéile laethúil an teaghlaigh.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.

Príomhriachtanais an taisc

- *riachtanais chothaithe/chothaitheacha le tagairt ar leith do leanaí idir 12 go 24 mí*
- *treoirlínte ábhartha do pleanáil béile le tagairt ar leith do leanaí idir 12 go 24 mí*
- *raon de mhiasa príomhchúrsa*
- *mionathruithe is féidir a dhéanamh ar na miasa chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach do leanaí óga.*
- *miasa príomhchúrsa agus cúiseanna leis an rogha.*

Fiosrúchán

Riachtanais chothaithe / chothaitheacha – *cothromaíocht chothaitheach, riachtanais laethúla mhacra-/micreachothaitheach ar a n-áirítear riachtanais phróitéine / charbaihidráite / saille / iarainn / chailciam mar is cuí do riachtanais leanaí 12 go 24 mí agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le héagsúlachtaí, neart snáithín, Vitimín C / ionsú iarainn, Vitimín D / ionsú cailciam, éagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith i riachtanais fuinnimh, treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil chothaitheach agus bia, srl.*

Treoirlínte pleanála do bhéilí – *úsáid na pirimide bia le cothromaíocht a chinntiú, éagsúlacht bianna, an rud is maith le duine agus an rud nach maith leis – ná cuir iallach ar leanaí bia nach maith leo a ithe, béile beag, ach go minic mar go bhfuil goile an linbh beag agus go líontar go tapa é, tá ionghabháil an méid ceart sreabhán tábhachtach le díhiodráitiú a sheachaint – caolaigh sú torthaí, bain úsáid as bianna ina séasúr féin, seachain bianna a bhfuil a lán salainn, a lán saille sáithithe agus a lán siúcra iontu, i.e. bianna áise, cuir sneaiceanna folláine ar fáil idir bhéilí, m.sh. banana brúite, bia le neart snáithín, bain úsáid as bianna a fhéachann go deas agus atá tarraingteach ó thaobh dath, ní mór go mbeadh an bia bog – éasca le hithe den spúnóg – déan brúitín/purée/gearr an bia go mion, ní mór go mbeadh an bia éasca le slogadh, seachain bia le spíosraí mar nach bhfuil blaslóg an linbh forbartha i gceart, tabhair isteach bia nua de réir a chéile, seachain cnónna mar go bhféadfadh siad an leanbh a thachtadh nó d'fhéadfadh ailléirge a bheith ar leanbh leo, seachain ubh bogbhruite, agus cáis neamhphaisteartha, srl.*

Miasa a roghnaíodh – raon miasa príomhchúrsa

- **caithfidh siad a bheith oiriúnach do leanaí 12 go 24 mí**
- **caithfidh príomhchúrsa a bheith ann.**

Na mionathruithe is féidir a dhéanamh ar na miasa lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach do leanaí óga.

Measúnú (riachtanais shainiúla an taisc)

Anailís ar thorthaí maidir le riachtanais chothaitheacha miasa príomhchúrsa do leanaí 12 go 24 mí.

Treoir do pleanáil béilí – raon de miasa príomhchúrsa atá oiriúnach do leanaí 12 go 24 mí, an chaoi a dtagann an mhias a roghnaíodh leis na riachtanais a sainiúil san fhiosrúchán.

Tasc 2

D'fhéadfadh aiste bia ina bhfuil Innéacs Glicéime (GI i mBéarla) íseal, a bheith ina eochairthoisce i laghdú riosca breoiteachta duine (m.sh. diaibéiteas agus galar corónach croi) agus chun meáchan coirp chuí a choinneáil.

Agus tú ag tagairt don ráiteas thuas, déan taighde agus mionléiriú **(i)** ar an innéacs glicéime agus **(ii)** ar na buntáistí a bhaineann le haiste bia ina bhfuil innéacs glicéime íseal.

Déan fiosrú agus mionléiriú ar na riachtanais chothaitheacha agus ar na tosca is cóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú do dhaoine fásta a dteastaíonn uathu meáchan sláintiúil a choinneáil.

Agus na tosca atá sonrathaithe agat sa taighde á gcur san áireamh, déan biachlár a mholadh do lá **amháin** (trí bhéile) a bheadh oiriúnach don ghrúpa daoine seo.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar an príomhchúrsa de phríomhbhéile an lae.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisce.

Príomhriachtanais an taisce

- taighde ar innéacs glicéime
- na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le haiste bia ina bhfuil innéacs glicéime íseal.
- riachtanais chothaithe/chothaitheacha do dhaoine fásta a dteastaíonn uathu meáchan sláintiúil a choinneáil
- treoirilínte ábhartha do phleanáil béile
- biachlár do lá **amháin** (trí bhéile), an phríomh-mhias a roghnaíodh agus cúiseanna leis an rogha.

Fiosrúchán

Innéacs Glicéime – is ionann an fhreagairt ghlicéime agus an ráta ar a n-éiríonn agus a dtiteann siúcra na fola tar éis carbaihiodráití a ithe, is córas rangaithe do carbaihiodráití é an t-innéacs glicéime (GI) agus táscaire maidir leis an ráta ar a dtarlaíonn freagairt ghlicéime. Is féidir bianna a aicmiú de réir GI atá íseal, meánach nó ard agus/nó is féidir rangú uimhriúil a dhéanamh orthu, téann réimse an chórais rangaithe sin ó nialas go dtí aon chéad amháin – is ionann agus 55 an GI íseal, tá an meán-GI idir 56 agus 69 agus tá an t-ard-GI 70 nó os a chionn. Léiríonn luach íseal GI go dtiontaítear na carbaihiodráití ina ghlúcós go mall agus ardaíonn sé siúcra na fola ar ráta atá níos moille. Léiríonn luach ard GI tiontú níos tapa de carbaihiodráití ina ghlúcós. Bíonn tionchar ag an méid siúcra a ithimid ar fhreagairt ghlicéime ár gcorp, i.e. nuair a ithimid méid measartha siúcra tá cumas níos fearr ag an gcorp déileáil leis, mar go mbíonn níos lú brú ar an bpaincréas inslin a chur ar fáil le siúcra na fola a rialáil. Is ionann an t-ualach GI agus tomhas eile atá bunaithe ar fhreagairt an choirp do carbaihiodráití, ar thomhas cainníochta agus cáilíochta é, m.sh. tá ardluach GI i gcairéid (scaoiltear lena gcuid siúcra go tapa) ach tá ualach íseal GI iontu (tá an méid foriomlán siúcra íseal) srl.

Na buntáistí a bhaineann le haiste bia ina bhfuil innéacs glicéime íseal – cuidíonn sé le diaibéiteas mellitus/raimhre/fadhbanna meáchain, neamhoird iompraíochta, is féidir leis cur le feidhmiú lúthchleasaíochta – is féidir le bianna le GI íseal foinsé mharthana fuinnimh a chur ar fáil agus tá bianna le GI ard in ann leibhéil fuinnimh a chur ina gceart tar éis aclaíochta, cuidíonn sé le leibhéil isle agus arda fuinnimh a sheachaint, mar go mothaíonn an duine lán ar feadh achar níos faide, cuidíonn sé le aimirne a sheachaint, cuireann sé cosc ar theacht chun cinn diaibéiteas de Chineál 2, cuidíonn aiste bia íseal-GI le colaistéaról LDL a íslíú, srl.

Riachtanais chothaithe / chothaitheacha – cothromaíocht chothaitheach, riachtanais laethúla mhacra-/micreachothaitheach ar a n-áirítear riachtanais phróitéine / carbaihiodráite / saille / iarainn / chailciam mar is cuí, neart snáithín, Vitimín C / ionsú iarainn, Vitimín D / ionsú Cailciam, iontógáil fosfair a mhéadú, vitimín B le haghaidh fuinnimh, lean treoirilínte chothaitheacha reatha maidir le hiontógáil chothaitheach agus bia, srl.

Treoirilínte pleanála do bhéilí – úsáid na pírimide bia le cothromaíocht a chinntiú, ba chóir go mbeadh 1/3 den phláta tógtha suas le torthaí agus glasraí – 1/3 le carbaihiodráití le GI íseal, an 1/3 eile roinnte idir phróitéin íseal shaille, déirí, agus foinsí saille agus siúcra, is é an bricfeasta an béile is tábhachtaí, ith go minic agus ith beagán, coinníonn sneaic folláin siúcra na fola agus na leibhéil fuinnimh seasmhach, seachain carbaihiodráití mínphróiséáilte agus bianna próiséáilte (dá mhínphróiséáilte an bia is ea is airde an GI), íslíonn próitéin agus saill GI i mbia atá saibhir ó thaobh carbaihiodráití de, measc bianna atá íseal agus ard ó thaobh GI de le GI foriomlán an bhéile a íslíú, seachain bianna a bhfuil a lán salainn agus siúcra iontu, roghnaigh táirgí beagmhéathrais le saillte il-neamhsháithithe, bain úsáid as modhanna cócaireachta atá folláin, i.e. galbhruith, suaithfhriochadh, tá roghnú deochanna chomh tábhachtach le roghnú bia srl.

Miasa a roghnaíodh

- biachlár do lá **amháin** (trí bhéile)
- caithfidh siad teacht leis na riachtanais chothaitheacha a shaináithnítear do dhaoine fásta a dteastaíonn uathu meáchan sláintiúil a choinneáil
- caithfidh príomhchúrsa a bheith ann.

Measúnú (riachtanais shainiúla an taisce)

Anailís ar na torthaí a fuair tú faoinar fhoghlaim tú ón bhfiosrúchán maidir le bainistiú aiste bia do dhaoine fásta ar mian leo meáchan sláintiúil a choinneáil, na tosca ba chóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil do dhaoine fásta ar mian leo meáchan sláintiúil a choinneáil, agus le leordhóthanacht chothaitheacha a chinntiú, cad iad na bianna atá oiriúnach nó neamhoiriúnach, cad iad na gnéithe faoi leith de phleanáil béilí a chaitear a chur san áireamh srl. conas a chomhlíonann na béilí a roghnaítear na riachtanais a saináithníodh san fhiosrúchán.

Réimse Cleachtais B – Ullmhúchán Bia agus Próisis Chócaireachta

Tasc 3

Tá oighinn mhicreathoinne an-úsáideach mar tá siad éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus sábhálann siad am.

Déan taighde ar oighinn mhicreathoinne maidir le gach **ceann** díobh seo a leanas:

- na sagsanna difriúla atá ar fáil
- an úsáid is féidir a bhaint astu, i.e. cuir san áireamh na bianna / miasa is féidir a ullmhú nó a chócaráil agus an píosa trealaimh seo á úsáid
- feidhmiú an phrionsabail oibre
- na heochairphointí atá riachtanach chun go n-oibreodh oigheann micreathoinne go rathúil.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa atá fiosraithe agat.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca (a) lena fheidhmiú agus (b) leis na buntáistí agus/nó na míbhuntáistí a bhaineann le hoigheann micreathoinne a úsáid.

Príomhriachtanais an taise

- taighde ar **na cineálacha difriúla** oighinn mhicreathoinne atá ar fáil
- **úsáidí** i.e. na bianna/miasa a d'fhéadfai a ullmhú nó a chócaráil in oigheann micreathoinne
- feidhmiú an **phrionsabail oibre**
- na **heochairphointí atá riachtanach chun go n-oibreodh oigheann micreathoinne go rathúil**
- **mias roghnaithe agus cúiseanna leis an rogha.**

Fiosrúchán

Na cineálacha oighinn mhicreathoinne atá ar fáil: Caighdeánach/Gríoscán/Comhghléas/Insuite/Saorsheasamh – comhghléas – oigheann traidisiúnta/gríoscán le hoigheann micreathoinne, feidhmíonn siad go neamhspleách ar a chéile nó i gcomhar le chéile, tagann dath donn ar an mbia agus éiríonn briosc faoi ghnátheilimint an oighinn nó faoin ngríoscán agus ansin cócarálann na tonnta leictreamaighnéadacha an bia, srl. **Cumas: 20 – 30 lítear, **Vatacht:** 800 – 1,000 vata, **Gnéithe Speisialta** - rialtáin tadhaill, glais sábháilteachta leanai, díreo de réir meáchain agus díreo mear, gríoscáin dhúbailte, tarraiceáin téimh, cumhdach frithbhaictéarach, dathanna/bailchríocha éagsúla, cásáil insuite, srl.**

Úsáidí: Díreo – feoil , iasc, arán srl. **Atéamh –** dinnéar réamhbhruite, glasraí, bainne, srl. **Leá -** seacláid, im, srl. **Fiuchadh –** uisce, bainne, srl. **Cócaráil -** feoil, iasc, cácaí, glasraí, maróga galaithe, torthaí stofa, anlann, srl. **Steiriliú -** buidéal linbh, crúscaí suibhe, srl. **Triomú -** luibheanna srl.

Prionsabal oibre: Tiontaíonn maighnéatrón fuinneamh leictreachais ina fhuinneamh leictreamaighnéadach, téann tonnta isteach trí oigheann micreathoinne trí mheán tonntreoraí, dáileann tonnsuathaire na tonnta go cothrom, **frithchaitear** na tonnta den taobh istigh atá déanta as miotal agus mar sin ní gá an bia a iompú, déantar na tonnta a **thras-sheoladh** tríd an gcoimeádán ina bhfuil an bia, tarraingíonn uisce, saill agus siúcra atá le fáil sa chuid is mó de bhíanna micreathonnta agus **ionsúnn** iad, téann tonnta leictreamaighnéadacha ardmhinicíochta tríd an mbia go doimhneacht de 2-4 cm agus critear na móilíní sa bhia mar gheall air sin, de réir mar a bhíonn siad ag crith tarlaíonn friotáíocht a chuireann teas mór sa bhia, mar gheall air nach dtéann micreathonnta níos mó ná 3cm isteach sa bhia, cócaráiltear bia atá níos tibhe ná sin trí sheoladh, brúitear aon uisce atá sa bhia go dromchla agus cosnaíonn sé sin i gcomhar le heaspa teas ón taobh amuigh an bia ó éirí donn nó briosc srl.

Na heochairphointí atá riachtanach chun go n-oibreodh oigheann micreathoinne go rathúil: tabhair deis do bhia seasamh ar feadh tamaill mar go leanann an bia de bheith ag cócaráil le linn an ama sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an bia cócaráilte i gceart mura ndéantar é sin, ní mór oidis mhicreathoinne a úsáid do bhíanna áirithe, m.sh. arán, cistí, mar nach n-oibríonn oidis thraidisiúnta, cócaráiltear bianna éadroma scagacha agus bianna le céatadán ard saille agus siúcra go tapa, cuirfidh bianna atá tiubh moill ar an ráta a dtéann na micreathonnta tríd an mbia, dá mhéad agus dá fhuaire an bia is ea is faide an t-am a thógfaidh an chócaireacht, ní mór bianna a chlúdach le páipéar cistine, scannán cumhdaithe srl. le triomú an bhia a sheachaint, ba chóir earraí bia atá mór a iompú go rialta lena chinntiú go ndéantar iad a chócaráil go cothrom, ní mór bianna leachtacha a mheascadh ón taobh amuigh i dtreo an láir leis an teas a dháileadh go cothrom, ba chóir bianna a shocrú ina gciorcail leis an gcuid is tibhe ar an taobh amuigh mar go ndéanann na micreathonnta teagmháil leis an gcuid sin ar dtús, ní mór bianna ar a bhfuil craiceann, m.sh. ispíní, buiocáin uibhe, trátaí & prátaí, a phriocadh sa chaoi nach bpléascfaidh siad le linn cócaireachta, cuirtear vatacht an oighinn mhicreathoinne san áireamh agus am cócaireachta a ríomh srl.

Miasa a roghnaítear – is gá mias a roghnú ón taighde atá oiriúnach lena cócaráil in oighinn mhicreathoinne Measúnú (mar a shonraítear sa tasc) – buntáistí agus/nó míbhuntáistí a bhaineann le húsáid oighinn mhicreathoinne.

Réimse Cleachtais C: Teicneolaíocht an Bhia

Tasc 4

Tá méadú ag teacht ar an éileamh ar bhácáil bhaile agus tá a lán cúiseanna difriúla leis.

Déan taighde (i) ar an méadú ar an éileamh ar bhácáil bhaile agus (ii) ar mhilseogra atá ar fáil ar bhonn tráchtála (táirgí, praghsanna, srl.).

Déan fiosrú ar mhodh **amháin** chun muifíní **nó** cístí cupáin a dhéanamh. Déan mionléiriú ar an modh agus mínigh an prionsabal atá i gceist.

Maidir leis an táirge roghnaithe (muifíní **nó** cístí cupáin), liostaigh na cineálacha difriúla is féidir a dhéanamh.

Déan cur síos ar conas a dhéanfá an táirge a stóráil chun go gcoimeádfái úr é.

Ullmhaigh agus bácáil ceann amháin de na táirgí (muifíní **nó** cístí cupáin) atá fiosraithe agat.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca (a) le feidhmiú agus (b) le praiticiúlacht na bácála baile, agus (c) le costas táirge bácála baile i gcomparáid le táirge tráchtála den chineál céanna.

Príomhriachtanais an taise

- déan taighde ar an méadú ar an éileamh ar bhácáil bhaile
- déan taighde ar mhilseogra atá ar fáil ar bhonn tráchtála (raon táirgí, praghsanna, srl.)
- déan fiosrú ar mhodh **amháin** chun muifíní **nó** cístí cupáin a dhéanamh.
- déan mionléiriú ar an modh agus mínigh an prionsabal atá i gceist.
- liostaigh éagsúlachtaí is féidir a dhéanamh maidir le muifíní **nó** cístí cupáin
- coimeádáin stórála (do mhuifíní **nó** cístí cupáin)
- táirge roghnaithe agus cúiseanna leis an rogha.

Fiosrúchán

Déan taighde ar an méadú ar an éileamh ar bhácáil bhaile - tá sé níos saoire, tá níos mó am saor ag daoine, Teilifís – cócairí mór le rá, chuir cláir theilifíse leis an éileamh ar chístí cupáin, méadú ag teacht ar an éileamh ar bhianna ‘artisan’, ar mhargaí feirmeoirí/margaí bia/aontaí, cuidíonn sé le teaghlaigh nascadh lena chéile, cuidíonn sé le caitheamh aimsire a chur ar fáil do leanaí le linn laethanta saoire, rogha atá níos folláine – gan aon bhreiseáin, aistí bia atá srianta, m.sh. céiliach, údar inní maidir le sláinte - saill íseal, raon níos mó táirgí áise - meascáin chiste, srl. samplaí/blaiseadh bia i siopaí, margaiócht, pacáistiú, srl.

Déan taighde ar mhilseogra atá ar fáil ar bhonn tráchtála

D’fhéadfaí a áireamh sa taighde sainmhíniú ar ‘milseogra ar bhonn tráchtála’ raon táirgí, brandaí, cainníocht/meáchan, comhábhar, luach cothaitheach, pacáistiú/coimeádáin, lipéadú, seilfré, costas, srl..

Modh chun muifíní **nó** cístí cupáin a dhéanamh agus na prionsabail atá i gceist.

Próiseas an uachtaraithe – meashtar im agus siúcra le chéile de láimh nó le meascadóir leictreach nó go mbíonn an meascán éadrom clúmhaigh agus go n-éiríonn sé níos báine, go méadaíonn an toirt (8 – 10 nóiméad) go ngearrann na criostail shiúcra tríd an tsail, cruthaítear bolgáin aeir le huigeacht atá min éadrom a thabhairt nuair atá sé bácáilte, cuirtear isteach uibheacha ar luas atá níos moille le gruthú a sheachaint, eiblítear na buiocáin agus coinnítear an taise laistigh de na bolgáin aeir atá ann agus cruthaíonn eibleacht uisce i saill, cuirtear plúr isteach go mall, leathnaíonn an gás mar gheall ar theas an oighinn agus téachtann an meascán, srl.

An modh le muifíní a dhéanamh - meashtar leacht (ola, im leáite, bainne, iógairt, srl.) agus na comhábhair thirime ar leithligh agus ansin cuirtear an meascán fliuch leis an meascán tirim - ach ní bhíonn an meascán saor ó chnapáin ionas nach ndéanfar forbairt ar an nglútan atá sa phlúr, má dhéantar é a mheascadh an iomarca ní ardóidh an meascán go héasca le linn na chéad chéime den bhácáil agus éiríonn sé greamaitheach, leathnaíonn na gáis mar gheall ar theas an oighinn agus téachtann an meascán, srl.

Leá – leáitear na comhábhair, m.sh. im, síoróip órga agus triacla le chéile, cuirtear leis na comhábhair thirime iad, cruthaíonn siad dlús sa mheascán, cruthaíonn púdar bácála nó sóid aráin agus iad tais dé-ocsaíd charbóin agus mar gheall ar sin ardaíonn an meascán nuair a théitear é, téachtann an teas ón oigheann an meascán agus stopann sé ag ardú, srl.

Éagsúlachtaí muifíní - seacláid, úll, fraochán gorm, bran, sabhdánaigh, srl.

Éagsúlachtaí cístí cupáin – seacláid moca, seacláid, fanaile, líomóid, srl.

Pacáistiú oiriúnach do mhuifíní/cístí cupáin m.sh. coimeádáin aerdhíonacha - plaisteach, boscaí stáin, scannán cumhdaithe, scragall stáin, páipéar gréiscdhíonach, srl.

Mura bhfuil aon fhiosrú déanta maidir le pacáistiú – 2 mharc

Miasa a roghnaíodh – Muifíní/Cístí Cupáin.

Measúnú (mar a shainítear sa tasc) – praiticiúlacht bácáil bhaile, m.sh. ceisteanna acmhainní – an costas i gcomparáid le táirge tráchtála atá cosúil leis, srl.

Tasc 5

Tá a lán bianna ann a gcuirtear aer nó dé-ocsaíd charbóin nó gal iontu chun iad a dhéanamh níos éadroime nuair a bhíonn siad á n-ullmhú.

Sainmhínigh “aerú”.

Déan fiosrú ar na feidhmeanna cócaireachta den aerú agus réimse miasa á ndéanamh agus mínigh an prionsabal atá i gceist i ngach cás.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa atá fiosraithe agat.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca (**a**) lena fheidhmiú agus (**b**) leis an gcaoi ar éirigh leat an uigeacht, a rabhthas ag súil leis, a bhaint amach.

Príomhriachtanais an taisce

- sainmhínigh “aerú”.
- déan fiosrú ar fheidhmeanna cócaireachta an aeraithe i réimse miasa
- mínigh an prionsabal atá i gceist i ngach cás
- an mhias a roghnaíodh agus cúiseanna leis an rogha.

Sainmhíniú ar “aerú”

Aerú: Is féidir aer, CO² nó gail (foirm ghásach d'uisce) a chur le meascán ar bhealach **meicniúil**, i.e. greadadh, meascadh, bualadh, cuimilt isteach, srl, **ceimiceach**, i.e. gníomhaithe ardúcháin, sóid aráin, púdar bÁCála a chur leis le CO² a fháil, **bitheolaíoch**, i.e. giosta, **gail** – úsáid á bhaint as leacht le gail a chruthú nuair atáthar ag cócaráil an táirge, srl. Leathnaíonn gáis agus éiríonn nuair a théitear iad, ag brú an taois in airde agus mar gheall ar sin ardóidh sé nó go dtéachtann teas an oighinn an glútan, cuireann glútan ar chumas an taois síneadh mar gheall ar a chuid leaisteachais, srl.

Feidhmeanna cócaireachta aeraithe agus réimse miasa á ndéanamh;

An prionsabal a bhaineann le gach aon fheidhm:

Aer: Cuireann gníomhaí nádúrtha ardúcháin, trí bhealach meicniúil - criathrú, rolladh, filleadh, cuimilt isteach, meascadh, greadadh – bolgáin aeir isteach i meascán, cuirtear teas ar fáil freisin mar gheall ar an gcuimilt, téachtann sé na slabhraí próitéine a sceitheann de bheagán agus a shocraíonn timpeall ar na bolgáin aeir, nuair a tharlaíonn téachtadh teasa i slabhraí próitéine, téachtann sé sin an meascán ar bhonn buan nó titfidh sé, cuidíonn siúcra le haerú, is féidir geilitín a úsáid le meascáin a théachtadh, srl.

Feidhmeanna Cócaireachta: Criathrú, m.sh. cístí agus arán ar fad, srl. **Rolladh agus filleadh**, m.sh. puth-thaosráin garbh, srl. **Meascadh**, m.sh. cístí cupáin, cístí maidéaracha, srl. **Greadadh**, m.sh. cístí spúinse, meireangaí, swiss roll, flan torthaí, srl.

Gail: cruthaítear uisce i bhfoirm ghásach mar thoradh ar athrú fisiceach sa bhia, cruthaítear gail nuair a shroicheann an t-uisce atá i láthair sna meascáin thaise bhia 100°C, d'fhéadfadh uigeacht atá oscailte agus neamhchothrom a bheith ag baint le bianna a chócaráiltear ar an mbealach seo, m.sh. taosrán choux, taosrán calógach, puth-thaosrán, ní mór bÁCáil a dhéanamh ag teocht atá sách ard leis an uisce a iompú ina ghail - tá sé ar chumas na bhfuidreamh gail a choinneáil go dtéachtann siad, srl.

Feidhmeanna Cócaireachta: e.g. vol-au-vent, profiteroles, pancóga, cúróg sheacláide, éadromóga, maróg Yorkshire, srl.

Dé-ocsaíd charbóin

- **gníomhaithe ardúcháin ceimiceacha** – cruthaítear dé-ocsaíd charbóin nuair a bhaintear úsáid as gníomhaí ardúcháin ceimiceach nó bitheolaíoch, m.sh. braitheann púdar bÁCála agus sóid aráin ar imoibriú ceimiceach aigéadach agus alcali; nuair a thaisrítear iad cruthaíonn siad dé-ocsaíd charbóin, tá an cumas sa ghlútan an CO² a chur ar fuaidreamh i bhfoirm bolgáin bhídeacha nuair atá an plúr fliuch, leathnaíonn CO² nuair a théitear é, éiríonn na bolgáin aeir níos mó agus téachtann an meascán nuair a théitear é, nuair a chuirtear na gáis leis déanann sé bolgáin aeir a leathnaíonn ag brú an taois in airde go dtéachtann teas an oighinn an taos, srl.
- **gníomhaí ardúcháin bitheolaíoch**, m.sh. tiontaíonn an diastáis i bplúr stáirse ina mháltós, tiontaíonn an einsím maltáis i ngiosta maltós ina ghlúcós agus tiontaíonn inbhéartais siúcros ina ghlúcós agus ina fhruchtós a chuireann dé-ocsaíd charbóin ar fáil trí choipeadh a mbaintear úsáid as mar ghníomhaí ardúcháin i mbÁCáil, cothaíonn giosta ar ghlúcós a chuireann alcól agus CO² ar fáil, rud a chuireann ar chumas an táirge ardú, téachtann teas an oighinn an meascán, srl.

Feidhmeanna Cócaireachta: gníomhaithe ardúcháin ceimiceacha, m.sh. scónaí, muifíní, cístí srl.

gníomhaí ardúcháin bitheolaíoch, m.sh. Chelsea buns, píotsa, arán giosta, bairín breac, srl.

Miasa a roghnaítear – ní mór an feidhmiú cócaireachta aeraithe a fiosraíodh a léiriú.

Measúnú (mar a shonraítear sa tasc)

Conas a d'éirigh leis an bhfeidhmiú cócaireachta a roghnaíodh i mbaint amach na huigeachta a rabhthas ag súil leis.

Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach lena n-airítear Anailís Chéadfach

Tasc 6

Déan gránach dea-chothaitheach bricfeasta a dhearadh agus a tháirgeadh mar chuid d'fheachtas scoile ar son itheachán sláintiúil. Ba chóir go dtaitneodh an gránach le déagóirí.

Déan taighde ar **thrí** tháirge ghránaigh dhifriúla a bheadh ag teacht leis an ráiteas thuas agus tabhair cuntas gairid ar gach ceann acu.

Ba chóir go roghnódh do ghrúpa táirge **amháin** le forbairt a dhéanamh air agus tabhair cúiseanna le rogha an ghrúpa.

Déan sonrú táirge a chur le chéile don ghránach bricfeasta (cuma, blas, srl.) agus bain úsáid as 6 cinn d'airíonna.

Déan an táirge. Déan **tástáil ghrádaithe thuairisciúil** agus scálaí líne nó léaráid réalta in úsáid agat.

(Bain úsáid as na 6 airí chéanna agus atá thuas). Déan próifíl chéadfach den táirge deiridh a dhéantar.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** leis an tslí a réitíonn an táirge deiridh leis an sonrú don táirge.

Príomhriachtanais an taise

- déan taighde ar **thrí** tháirge ghránaigh dhifriúla mar chuid d'fheachtas scoile ar son itheachán sláintiúil agus tabhair cuntas gairid ar **gach** táirge gránach
- táirge gránaigh atá roghnaithe agus cúiseanna leis an rogha.
- déan sonrú táirge a chur le chéile (cuma, blas, srl.) ag baint úsáid as 6 cinn d'airíonna
- déan an táirge
- tabhair cur síos, aidhm agus torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar an **tástáil ghrádaithe thuairisciúil** agus úsáid á bhaint as scálaí líne nó léaráid réalta
- déan **tástáil ghrádaithe thuairisciúil** agus scálaí líne nó léaráid réalta in úsáid agat.
- coinníollacha atá le rialú le linn tástála

Fiosrúchán

- Taighde / Fiosrúchán ar tháirgí atá oiriúnach don tástáil
i.e. fiosraigh agus tabhair cuntas gairid ar **thrí tháirge ghránaigh dhifriúla**,
déan sonrú táirge a chur le chéile ag baint úsáid as 6 cinn d'airíonna m.sh. cuma, blas, milseacht,
dath, dea-bholadh, srl. = 20

- **Tástáil Ghrádaithe Thuairisciúil agus scálaí líne nó léaráid réalta in úsáid agat**

Cur Síos: comhaontaigh 6 airí don táirge gránach atá le rátáil (molann agus comhaontaíonn an rang airíonna), déan grádú ar an táirge gránach maidir leis na hairíonna atá roghnaithe agus úsáid á bhaint as scálaí líne nó léaráid réalta, dréachtaigh próifíl chéadfach don ghránach, srl.

Aidhmeanna na tástála: próifíl chéadfach a dhéanamh den táirge a dhéantar.

Torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann: cur síos a bheith ar fáil ar na hairíonna a bhaineann leis an ngránach, i.e. próifíl chéadfach

Sainnithint na gcoinníollacha atá le rialú le linn na tástála

Coinníollacha a bhaineann go sainiúil leis an tasc, m.sh. méid, cruth agus dath na gcoimeádán á úsáidtear don tástáil, cainníochtaí mar a chéile i ngach sampla, códú samplaí, sláinteachas, am, tuiscint ar mhíniú gach aon airí, san áit a ndéantar an tástáil, cúinsí cothaithe, srl.

- **An mhias roghnaithe agus na critéir roghnaithe**

An táirge gránach roghnaithe.

(1 ghránach @ 4 mharc)

= 4

Luaigh cúiseanna leis an rogha.

(2 chúis @ 2 mharc an ceann)

= 4

Foinsí – 2 × 1 mharc

= 2

Ullmhúchán agus Pleanáil

- **Acmhainní**

= 3

- **An príomhthrealamh a theastaíonn leis an tasc a dhéanamh**

Tástáil ghrádaithe thuairisciúil – tráidire, gloine uisce, táirge gránach, spúnóg, cártaí scórála, bileoga taifid, peann, srl.

Ullmhaigh agus cócaráil (más cuí) táirge gránach

Tástáil ghrádaithe thuairisciúil: Déan sonrú táirge a chur le chéile, comhaontaigh focail thuairisciúla agus comhaontaigh airíonna, déan lipéadú ar na cártaí scórála agus ar an mbileog thaifid, lean na treoracha atá ar na cártaí scórála, socraigh tráidirí, déan an tástáil ghrádaithe thuairisciúil, déan cur i láthair ar na torthaí agus úsáid á baint as scálaí líne nó léaráid réalta, déan próifíl chéadfach den táirge bunaithe ar thorthaí grúpa, déan measúnú ar na torthaí, cuir slacht ar an áit agus déan níochán, srl.

Cuir i bhfeidhm

= 16

An modh oibre a chleachtar agus an ghné seo den tasc á déanamh

Ba chóir seicheamh iomlán an chur i bhfeidhm a thabhairt & ba chóir torthaí na tástála a chur i láthair, srl.

Tástáil ghrádaithe thuairisciúil, (táirge amháin) agus úsáid á bhaint as léaráid réalta

Ullmhaigh agus cócaráil (más cuí) táirge gránach

Déan sonrú táirge a chur le chéile, comhaontaigh focail thuairisciúla agus comhaontaigh 6 airí, déan lipéadú ar na cártaí scórála agus ar na bileoga taifid leis na hairíonna comhaontaithe, lean na treoracha ar an gcárta scórála, eagraigh samplaí de na gránaigh i gcoimeádáin, socraigh tráidirí, blaiseann na blastóirí an gránach, rátáil airíonna ó 0-5 agus úsáid á bhaint as léaráid réalta do na samplaí bia, tabhair léaráid réalta aonair chun críche, bailigh na cártaí agus aistrigh torthaí gach blastóra ina ngrúpa go dtí an bhileog thaifid, ríomh meánscór do gach airí, aistrigh na torthaí go dtí an léaráid réalta grúpa, (is féidir do cheann féin a dhréachtú nó is féidir ceann a ghearradh ón gcárta scórála a bhí in úsáid agus a ghreamú air), **déan próifíl chéadfach** don ghránach, cuir slacht ar an áit agus déan níochán, srl.

Scálaí Líne

Comhaontaigh focail thuairisciúla agus comhaontaigh 6 airí, déan na hairíonna comhaontaithe a lipéadú ar na cártaí scórála agus ar na bileoga taifid, eagraigh samplaí bia, socraigh tráidirí, agus úsáid á bhaint as 6 líne scála, ceann do gach aon airí, rátáil airíonna ó 0-5 ag úsáid líne chothrománach le rátáil íseal ar thaobh na láimhe clé den líne agus rátáil ard ag taobh na láimhe deise den líne, aistrigh torthaí gach blastóra sa ghrúpa go dtí an bhileog thaifid, meánscóir do gach aon airí, **déan próifíl chéadfach** don ghránach, cuir slacht ar an áit agus déan níochán, srl.

- **Príomhchúinsí a cuireadh san áireamh (aon 2 cheann @ 4 mharc an ceann)**

= 8

Ar na príomhchúinsí is féidir a chur san áireamh chun go mbeidh an tasc seo rathúil áirítear – na coinníollacha a rialaíodh le linn na tástála ... códú, an rogha gránach, an méid a rinneadh, comhionannas na samplaí don tástáil, méideanna leordhóthanacha, gloine uisce/nó craicear tirim curtha ar fáil leis an gcarbail a ghlanadh, tábhacht le ciúnas le linn na tástála, gur ó aon bhaisc amháin na samplaí atá in úsáid, úsáid a bhaint as focail chuí (airíonna), a bhfuil eolas ag gach dalta orthu, srl.

(ní mór do na príomhchúinsí tagairt don tástáil a rinneadh go hiarbhír)

- **Sábháilteacht agus sláinteachas (pointe sábháilteachta amháin @ 2 mharc + pointe sláinteachais amháin @ 2 mharc)**

= 4

Sábháilteacht: tástálaithe a bhfuil ailléirgí acu – cnónna, aistí bia speisialta, m.sh. diaibéiteach, céiliach, srl.

Dea-chleachtas **sláinteachais** maidir le: láthair an ullmhúcháin agus láthair na tástála, láimhseáil samplaí

– lámhainní plaisteacha in úsáid / gloiní aon uaire, srl.

Measúnú

- **Cur i bhFeidhm (2 phointe × 4 marc an ceann)**

= 8

Na modhanna tástála a úsáideadh

Príomhchúinsí agus an tástáil á déanamh

Ceisteanna sábháilteachta agus sláinteachais a breithníodh

Fadhbanna a tháinig aníos agus moltaí lena réiteach

Measúnú ar éifeachtúlacht an oird oibre

- **Sainriachtanais an taisc (2 phointe × 4 mharc)**

= 8

An tslí a réitíonn an táirge deiridh leis an sonrú don táirge, srl.

Banda A = 4 marc, Banda B = 3 marc, Banda C = 2 marc

Aguisín 1
Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna.

1. Riachtanais an scrúdaithe:
Ní mór d'iarrthóirí taifead a dhéanamh ar chúig thasc agus iad a chur i láthair le haghaidh an scrúdaithe. Maidir leis na Réimsí Cleachtais, ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a chríochnú
Réimse A – Tasc amháin
Réimse B – Tasc amháin
Réimse C – Tasc amháin
Réimse D – Tasc amháin
Tasc amháin eile as Réimse A nó as Réimse E
Má chríochnaíonn iarrthóir cúig thasc gan riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh mar atá siad leagtha amach thuas, marcálfaidh an scrúdaitheoir na cúig thasc mar a chuirtear i láthair iad agus dícheadóidh sé na marcanna a bhronntar ar an tasc leis an marc is ísle as Réimse A nó E.
2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith san áireamh i ngach tasc sa Staidéar Bia. Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuir don dara tasc, marcálfaidh an scrúdaitheoir an gníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh na marcanna a bhronntar ar an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta leis an marc is ísle.
3. Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus / nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus / nó gnéithe measúnaithe an taise ach mura gcríochnaíonn sé an cur i bhfeidhm, marcálfaidh an scrúdaitheoir gnéithe críochnaithe an taise mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna do mheasúnú an chur i bhfeidhm, áfach, áit a dtugtar faoi.
Maidir leis na Tascanna 3, 4, 5 agus 6 dícheadófar measúnú na sainriachtanas freisin.
4. Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus / nó gnéithe measúnaithe an taise, ach mura dtugann sé an fiosrúchán chun críche, marcálfaidh an scrúdaitheoir gnéithe críochnaithe an taise mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna do mheasúnú shainriachtanais an taise, áfach, áit a dtugtar faoi.
5. Mura sainaithnítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán, ach má chomhlíontar riachtanais an taise, bain na marcanna cuí a bhronntar (-1/-2) faoi bhéilí/miasa/ táirgí san fhiosrúchán.
6. Níl obair thaispeána an mhúinteora inghlactha, mar sin ní bhronnfar aon mharcanna ar an gcur i bhfeidhm ná ar mheasúnú an chur i bhfeidhm.
7. Mura bhfuil an mhias a roghnaíodh ag teacht go hiomlán leis na riachtanais m.sh.
 - ***Mias gan chócaráil*** roghnaithe nuair a iarradh mias a bheadh cócaráilte
 - Mias ***déanta gan oigheann micreathoinne a úsáid*** – Tasc 3
 - Ní léiríonn mias a roghnaíodh ***mórán scileanna próiseála***
 - Áiríodh sa mhias a roghnaíodh ***an iomarca bianna áise***Asbhain – 8 marc ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach míniú mar atá léirithe thuas.
8. I gcás méise nach dtagann le riachtanais an taise, m.sh. mias mhilseoige a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; níl aon mharc le bronnadh.
9. I gcás go ndícheadaíonn múinteoir feidhmiú praiticiúil, ní cheadaítear aon mharc don **Chur i bhFeidhm** ná do **Mheasúnú an Chur i bhFeidhm**. Féadfar gach réimse eile a mharcáil.

